Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2913

6.5.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Berlin (an Ghearmáin) a taisceadh an 14 Samhain 2023 - Staatsanwaltschaft Berlin v M.R.**

**(Cás C-675/23, Staatsanwaltschaft Berlin II)**

(C/2024/2913)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Berlin

## Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Staatsanwaltschaft Berlin

*Cosantóir:* M.R.

## Na ceisteanna a tharchuirtear

1. Maidir le hAirteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41/AE ([1])

An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(b) de Threoir 2014/41/AE ar Ordú Imscrúdaithe Eorpach ('OIE') chun sonraí teileachumarsáide atá ar fáil cheana féin sa Stát forghníomhaitheach (an Fhrainc) a aistriú más rud é, de réir dhlí an Stáit eisiúna (an Ghearmáin), go mbeadh beart faireachais intíre inchomparáide neamh-inghlactha agus ar an gcúis sin nach bhféadfaí na sonraí a fhaightear uaidh a úsáid le haghaidh ionchúiseamh coiriúil in imeachtaí eile?

2. Maidir le hAirteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41/AE

a) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41/AE ar OIE sonraí atá ar fáil cheana féin sa Stát forghníomhaitheach (an Fhrainc) a aistriú ó idircheapadh teileachumarsáide – go háirithe sonraí tráchta agus suímh agus taifeadtaí d'ábhar cumarsáide – más rud é

- gur chuimsigh an faireachas a rinne an Stát forghníomhaitheach gach úsáideoir naisc seirbhíse cumarsáide,
- go n-éilíonn OIE go ndéanfar sonraí a aistriú ó na naisc go léir a úsáidtear ar chríoch an Stáit eisiúna,
- nach raibh aon fhianaise nithiúil ann go ndearna na húsáideoirí aonair sin cionta tromchúiseacha de chineál inchinntithe nuair a ordaíodh agus nuair a cuireadh an beart faireachais i gcrích ná nuair a eisíodh OIE, agus
- dá bhrí sin, i gcomhthéacs an mheasúnaithe, nach bhfuil aon imthosca a bhaineann leis an gcás aonair nach féidir ach leis an údarás náisiúnta eisiúna nó leis an gcúirt náisiúnta atá freagrach a mheasúnú?

b) An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1)(a) de Threoir 2014/41/AE EIO den sórt sin nuair nach féidir leis na húdaráis sa Stát forghníomhaitheach sláine na sonraí a bhailítear trí bhíthin an bhirt faireachais a fhíorú mar gheall ar rúndacht chuimsitheach?

([1]) Treoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1).

3. Iarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le fianaise a fháil de shárú ar dhlí an Aontais

An leanann sé ó dhlí an Aontais, go háirithe prionsabal na héifeachtachta, nach bhféadfaidh sáruithe ar dhlí an Aontais le linn fianaise a fháil in imeachtaí coiriúla náisiúnta, fiú i gcás cionta tromchúiseacha, fanacht go hiomlán gan iarmhairtí agus dá bhrí sin a chur san áireamh i bhfabhar an chúisí mar chonstaic d'úsáid fianaise nó agus fianaise á measúnú nó nuair a bhíonn an phianbhreith á socrú?